

“Lá ag Siopadóireacht”. Labhair Leat II010104.mp3 (fad: 3n 4s)

Dordán, le tús an chláir a léiriú.

Á: ‘Bhfuil tú críochnaithe ansin go fóill?

B: Tá, tá, tá mo sháith agam.

Son cathaoireach á scríobadh feadh an urláir.

Á: Bhuel, nigh tusa na soithí. Rinn’ mise an bricfeasta.

B: Há, maith go leor. Oops!

Gliogar ruda ag briseadh. I ndáirire, cúpán agus sásar.

Á: Ahhh, bí cúramach, a Bhriain!

B: Gabh mo leithscéal, thit sé.

Á: Ahhh, ná bac leis. Déanfaidh mise sin níos moille. Tá muid dul a’ siopadóireacht. Caidé atá a dhíth orainn?

B: Cúpán agus sásar eile.

Á: Ha a fhios agam. Caidé eile?

B: Fan go bhfeicfidh mé. Bhuel ar dtús, caithfidh bia a fháil: arán, im, báinne, tae agus caife.

Á: Fan, fan! Caithfidh mé seo a scríobh síos. Báinne...tae...caife...

B: Sugarpuffs, subh oráiste, arán...eh, donn nó bán?

Á: Donn. Is fearr duitse arán donn. Caidé atá tú a dhéanamh don dinnéar?

B: Mise?

Á: ‘S ea! Caithfidh tusa an dinnéar a dhéanamh inniu. Rinn’ mise inné é.

R: Subh agus ceapairí.

Á: Á, Briain. Beidh an dinnéar ann ar a sé. Beidh ocras orainn. Bainimse stéig agus sceallóga. Stéig...prátaí...Cé acu glasra, a’ chócaire?

B: Ceann furasta, le do thoil. Meacain dheaga.

Á: Meacain dhearga. ‘Bhfuil go leor cáise againn?

B: ‘Bhuel, níl cáis ar bith fágtha. Bhí mise ag amharc ar a’ snúcar ar a’ teilifís aréir, agus bhuel, tháinig ocras orm.

Á: Tháinig ocras ort [*le searbhas nó go taircaisneach*]. Mmmm! Tchím... Punt cáise. ‘Nois. Caidé atá na rudaí eile atá a dhíth orainn?

B: Tá rudaí a dhíth orainn don teach. Tá sin sríofa síos againn cheana féin.

Á: Tá. Gheobhaimid sin uilig i siopa Mhuiris. Maith go leor. Sin gach rud anois. A’ bhfuil mórán airgid agatse?

B: Cá háit a’ bhfuil mo chóta? An bhfaca tú é?

Á: Ní fhaca.

B: Ní cuimhin liom cá háit a’ bhfuil sé...Ahh, seo é! Bhí mé i mo shuí air.

Á: Ó, maith thú. Bhuel, cá mhéid atá agat?

Son airgid á chur amach.

B: Cúig phunt is fiche. ‘Bhfuil mórán agatsa?

Á: Fiche punt, sílim. Cá mhéid atá ort **ar ‘a bróg?**

B: Ó, naoi bpunt déag. Fiche punt nó mar sin.

Á: Bhuel, tá mo sheicleabhar agam, cibé. Anois, tá mise réidh. ‘Bhfuil tusa réidh?

B: Sílim go bhfuil. Caidé mar atá an aimsir inniu? ‘Bhfuil sé a’ cur?

Á: Níl. Tá lá maith ann, ach tá sé [ə] gaofar. Ach beir leat an scáth fearthainne ar eagla na heagla.

B: Scáth fearthainne...scáth fearthainne...cá bhfuil sé?

Á: Ó, déan deifre. Tá sé i ndiaidh a haon déag a chlog agus tá neart le déanamh againn.

B: Ah, seo é. Breá anois. Tá mé réidh. Ar aghaidh linn!

Á: A Bhriain!

B: Caidé?

Á: Níl bróg ar bith ort!

[NB “Cá mhéid” in áit “Cá mhéad?; “a dhíth” in áit “de dhíth”; “deifre” in áit “deifir”; “rinn” in áit “rinne”; “déan/deánamh” in áit “déan/déanamh”]